

Páipéar Comhairliúcháin

Ról an reiligiúin shainchreidmhigh i bpróiseas iontrála na scoileanna agus cuir chuige fhéideartha le hathruithe a dhéanamh.

Réamhrá

Ar 16 Eanáir 2017, thug an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton TD, [óráid ar ról an chreidimh sa phróiseas iontrála bunscoileanna](#)

San óráid, dúirt an tAire go gcreideann sé:

- go bhfuil sé míchothrom go bhfaigheann teaghlach neamhchreidimh amach, nó teaghlach de chreideamh éagsúil, atá ina chónaí gar dá scoil áitiúil a fhaigheann maoiniú poiblí, go dtugtar tús áite do leanaí de chreideamh céanna na scoile atá ina gcónaí i bhfad ón scoil.
- go bhfuil sé míchothrom go mbíonn brú ar thuismitheoirí a leanaí a bhaisteadh chun áit sa scoil a bhaint amach, rud nach ndéanfaidís seachas sa chás sin.

Leag an tAire ceithre chur chuige fhéideartha amach chun déileáil leis an ábhar seo agus dúirt sé go raibh sé i gceist aige tuairimí a lorg ó dhaoine agus ó ghrúpaí a d'fhéadfadh a bheith faoi thionchar na n-athruithe beartaithe nó a bhfuil tuairimí acu ar na hathruithe beartaithe.

Mar a luaigh an tAire ina óráid agus [sa phreasráiteas](#), **tá sé beartaithe aige athruithe ar an gcéad dul síos a dhéanamh maidir leis an gcóras bunscoile**, mar is é seo an chuid den chóras scoile ina bhfuil an t-athrú is práinní, agus ina mothaíonn teaghlach an tsaincheist go géar. Cé go bhfuil 95% de bhunscoileanna faoi phátrúnacht chreidimh, níl 45% d'iar-bhunscoileanna faoi. Tá sé ar intinn ag an Aire athruithe a dhéanamh maidir leis an gcóras bunscoile ar an gcéad dul síos agus, nuair a bheidh na hathruithe sin leabaithe isteach, gníomh breise a bhreithniú ar an leibhéal iar-bhunscoile.

Tá sé tábhachtach a thabhairt do d'aire nach gá aon athruithe a dhéanamh ach amháin i ndáil le scoileanna ró-shuibscríofa. I dtaca le gach scoil eile, is é an cleachtas áit a thabhairt do gach duine a iarrann áit. Beidh sé seo ina dhlí tar éis don Bhille Iontrála Scoile a bheith curtha i bhfeidhm - beidh riachtanas ar scoileanna áit a thabhairt do gach leanbh a dhéanann iarratas.

Struchtúr an phróisis chomhairliúcháin

Tá do thuairimí, nó tuairimí d'eagraíochta (mar is cuí) á lorg ag an Aire maidir leis na cuir chuige fhéideartha chun dul i ngleic leis an tsaincheist seo.

Is é an spriocdháta le haighneachtaí a bheith faighte ná **Dé Luain 20 Feabhra 2017 ag 17:00**. Cuir freagraí go leictreonach le do thoil chuig admissions_religion@education.gov.ie

Léirigh go soiléir i d'fhreagra le do thoil céard é do chur chuige roghnaithe, cibé acu 1, 2, 3 nó 4 (agus, i gcás cur chuige 4, céard é do 'fo-rogha' roghnaithe).

Tabhair aghaidh le do thoil ar gach ceann de na ceithre shaincheist a luaitear ag A-D thíos maidir le do chur chuige roghnaithe.

Cuir chuige fhéideartha

1. Scoilcheantar

Bheadh cur chuige scoilcheantair ina thoirmeasc do scoileanna creidimh i ndáil le tús áite a thabhairt do leanaí dá gcreideamh féin a bhfuil cónaí orthu taobh amuigh den scoilcheantar in ionad leanaí neamhchreidimh nó leanaí de chreideamh eile a bhfuil cónaí orthu taobh istigh den scoilcheantar.

Ós rud é nach bhfuil aon bhunús reachtúil ann chun scoilcheantair a chruthú, bheadh athrú reachtúil ag teastáil chun taca a chur faoi bheart arna bhunú ar cheanglas a bheith ar gach scoil chreidimh scoilcheantar ar leith a shainmhíniú. Bheadh ar an reachtaíocht na difríochtaí idir ainmníochtaí agus creidimh éagsúla a léiriú. Mar shampla, tá líon an-mhór de scoileanna Caitliceacha ann agus, dá bhrí sin, ba chóir go mbeadh na scoileanna sin ag freastal ar cheantair réasúnta beaga. Ar an taobh eile den scéal, beidh scoil de chuid Eaglais na hÉireann ag freastal ar cheantar i bhfad níos mó. Tá dhá scoil Mhoslamacha reatha i mBaile Átha Cliath a mbeadh ceanglas orthu mórcheantar Bhaile Átha Cliath a roinnt eatarthu in éifeacht.

Bheifí ag súil go mbunóidh eagraíochtaí creidimh i mórán cásanna a scoilcheantair ar pharóistí atá ann cheana féin. Is é breithniú gaolmhar ná conas déileáil le cúinse ina bhfuil dhá cheann nó níos mó de scoileanna Caitliceacha laistigh den pharóiste Caitliceach, rud atá coitianta i gceantair uirbeacha.

D'fhonn go bhfeidhmeodh a leithéid de chóras, bheadh gá le modhanna ann lena chinntiú nach féidir le scoileanna creidimh a scoilcheantair a tharraingt go saorga mór, ar nós cead a thabhairt dóibh a gcuid áiteanna a líonadh le leanaí ón gcreideamh céanna, ar chostas leanaí áitiúla neamhchreidimh/leanaí ó chreidimh eile. Is dócha go mbeadh gá le riail a choisceadh forlúí scoilcheantar do dhá scoil den chreideamh céanna – i.e. níorbh fhéidir le teach amháin ach a bheith sa scoilcheantair do scoil amháin de chreideamh amháin.

Bheadh struchtúir ag teastáil chun breithniú a dhéanamh ar dhíospóidí teorann. Tugann obair thosaigh le fios gur chóir na húdaráis eaglaise nó chreidimh breithniú a dhéanamh orthu siúd, agus bheadh orthu próiseas a chruthú go náisiúnach nó go réigiúnach chun idirghabháil nó breithniú a dhéanamh ar dhíospóidí maidir le teorainneacha idir na scoileanna atá i gceist.

Beidh díolúintí dréachtaithe i gceart ag teastáil chun foráil a dhéanamh do Ghaelscoileanna agus do scoileanna speisialta.

2. Riail na scoile is cóngaraí

Trí 'riail na scoile is cóngaraí' a úsáid, bheadh scoileanna creidimh in ann tús áite a thabhairt do leanbh creidimh ach amháin sa chás gurb í scoil is cóngaraí an linbh sin den chreideamh ar leith sin.

Tá roinnt taithí ag an Roinn maidir le riail den chineál sin i ndáil le hiompar scoile a chur chun feidhme.

Beidh forálacha i leith na nithe seo a leanas ag teastáil maidir le hathrú reachtaíochta chun fad na scoile is cóngaraí a ríomh:

- (i) sainmhínte de na pointí tosaithe agus sroichte. (m.sh. doras tosaigh nó cúldoras an tí chónaithe nó i ndáil le doras tosaigh nó fálú imlíne na scoile ábhartha)
- (ii) tomhas bealaí (cibé acu cosán agus aicearraí trí pháirceanna, bealaí iompair phoiblí agus más bóthar poiblí atá i gceist cibé acu trí lárphointe nó meán an turais chun na scoile agus ar ais ón scoil)

- (iii) Cibé acu an bhfuil an tomhas bunaithe ar mhapáil chaighdeánach seachas an bealach iarbhír agus an modh iompair a ghlacfaidh an leanbh, a d'fhéadfadh a bheith ina mheascán de mhodhanna iompair
- (iv) Próiseas achomhairc le haghaidh díospóidí faid

Tríd an rogha seo a úsáid, sheachnófaí cuid den chastacht maidir le scoilcheantair a shainmhíniú, ach bheadh díolúintí do Ghaelscoileanna agus do scoileanna speisialta ag teastáil.

3. Córas cuótaí

Trí chóras cuótaí a úsáid, bheadh scoil chreidimh in ann tús áite a thabhairt do leanbh a gcreidimh féin ach amháin maidir le líon áirithe áiteanna, rud a chiallaíonn go ndéanfaí na háiteanna eile a leithdháileadh bunaithe ar chritéir iontrála eile - gaireacht don scoil, crannchur srl. Ní mór a chur san áireamh san athrú reachtaíochta na prionsabail agus na critéir a chinnfidh conas an cuóta seo a shocrú nó d'fhéadfadh an cuóta uasta a shocrú i reachtaíocht phríomhúil. Beidh riachtanas ann na modhanna lena líonfar an cuóta a dhearadh go cúramach d'fhonn cás a sheachadadh ina bhfuil sé líonta go hiomlán le comhchreidmhigh atá ina gcónaí i bhfad ón scoil, rud a bhacann na cuspóirí.

4. Toirmeasc glan amach

Trí thoirmeasc glan amach a chur i bhfeidhm ar bhunscoileanna creidimh i ndáil le creideamh a úsáid mar fhachtóir iontrála, dhéanfaí gach áit a leithdháileadh bunaithe ar fhachtóirí eile.

Laistigh den chur chuige seo, d'fhéadfadh fo-roghanna a bheith i gceist:

(i) Aisghairm ghlan amach d'alt 7(3)(c) den Acht um Stádas Comhionann maidir le mbunscoileanna maoinithe go poiblí

(ii) Aisghairm den chéad chuid d'alt 7(3)(c) den Acht um Stádas Comhionann maidir le mbunscoileanna maoinithe go poiblí, ach foráil a dhéanamh chun gur féidir le scoileanna sainchreidmheacha éileamh ar thuismitheoirí nó ar dhaltaí dearbhú a shíniú go dtacaíonn siad éiteas na scoile, go bhfuil meas acu air nó go gcomhoibreoidh siad leis.

D'fhéadfaí é seo a dhéanamh tríd an dara cuid d'alt 7(3)(c) a fhágáil nó a mhodhnú, rud a chuirfeadh ar chumas na scoile a dhiúltú i ndáil le "áit a thabhairt do dhuine mar dhalta nach bhfuil ón sainchreideamh sin agus, i gcás diúltaithe, go gcruthaítear go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a chothú".

(iii) Aisghairm den chéad chuid d'alt 7(3)(c) den Acht um Stádas Comhionann maidir le mbunscoileanna maoinithe go poiblí, ach foráil a dhéanamh chun gur féidir le scoileanna mionlaigh céatadán ar leith áiteanna a choinneáil do leanaí a gcreidimh féin.

Is céatadán an-bheag den daonra iad leanaí na gcreideamh mionlaigh. Mar sin, trí alt 7(3)(c) a bhaint agus éileamh ar scoileanna creidimh mhionlaigh áiteanna a thabhairt bunaithe ar chritéir eile, mar shampla gaireacht don scoil, i mórán cásanna ní bheadh scoileanna in ann áiteanna a thabhairt do leanaí óna gcreideamh féin, agus mar thoradh air sin ní bheadh na scoileanna sin ina scoileanna den éiteas áirithe sin.

D'fhéadfaí foráil a dhéanamh laistigh den rogha seo chun cead a thabhairt do scoileanna mionlaigh céatadán áiteanna ar leith a choinneáil do leanaí a gcreidimh féin tríd an dara cuid d'alt 7(3)(c) a

fhágáil nó a mhodhnú, rud a chuirfeadh ar chumas na scoile a dhiúltú i ndáil le "áit a thabhairt do dhuine mar dhalta nach bhfuil ón sainchreideamh sin agus, i gcás diúltaithe, go gcruthaítear go bhfuil an diúltú riachtanach chun éiteas na scoile a chothú".

Ar an mbealach seo, faoi fho-rogha (iii), d'fhéadfadh cead a bheith ag scoileanna creideamh mionlaigh, más ró-shuibscríofa atá siad, céatadán ar leith áiteanna a choinneáil do leanaí a gcreidimh féin - toisc go bhféadfadh siad cás láidir a dhéanamh go bhfuil sé riachtanach éiteas na scoile a chothú, ós rud é, mar gheall ar chomhdhéanamh an daonra ina iomláine, nach mbeadh an scoil sin ina scoil den éiteas áirithe sin.

I measc na gceisteanna a thagann chun cinn i ndáil le fo-rogha (iii) ná iad seo a leanas:

- cad iad na cosaintí breise atá ag teastáil sa reachtaíocht, más ann, chun é seo a éascú i ndáil le creidimh mhionlaigh amháin?
- arbh fhéidir é seo a fhorbairt ar bhealach a bheadh ag teacht leis an mbunreacht, mar gheall ar Airteagal 44.2.4 ("Ní dhéanfar le reachtaíocht a sholáthraíonn cúnamh Stáit do scoileanna idirdhealú idir scoileanna atá faoi bhainistíocht shainchreideamh éagsúil")

Saincheisteanna sonracha ar na tuairimí atá á lorg maidir le gach cur chuige féideartha

A. Tionchair fhéideartha ar chreidimh mhionlaigh

I measc na bpríomhcheisteanna ná iad seo a leanas:

- An gcreideann tú go gcuireann cumas na scoileanna sin céatadán áirithe leanaí den éiteas sin ina scoil isteach ar a gcumas scoileanna a chothú atá dáiríre den éiteas sin?
- An mbeidh tionchar ag do chur chuige roghnaithe ar chumas na scoileanna creidimh mionlaigh céatadán ar leith leanaí dá n-éiteas féin a bheith acu laistigh dá ndaonra scoile?
- Laistigh de do chur chuige roghnaithe, an féidir leat cosaintí ar bith a mholadh do chumas na ngrúpaí creidimh mionlaigh scoileanna a reáchtáil atá dáiríre den éiteas sin, laistigh de na teorainneacha atá ceadaithe faoin mbunreacht?

B. Saincheisteanna féideartha bunreachtúla

Mar chuid den ghnáthphróiseas maidir le beartas agus reachtaíocht a fhorbairt ar réiteach beartaithe, beidh ceanglas ar an Rialtas comhairle an Ard-Aighne a lorg. Agus cuir chuige le haghaidh athruithe á meas, dá ndéanfadh daoine nó grúpaí atá ag soláthar aighneachtaí machnamh ar cibé acu ina dtuairimí féin an bhfuil na hathruithe atá á moladh acu ag teacht leis an mbunreacht, nó an bhfuil aon athruithe le moladh acu ionas go mbeidh siad bunreachtúil. Go háirithe, baineann sé seo leis na daoine nó leis na grúpaí atá cáilithe go dlíthiúil nó a bhfuil rochtain acu ar chomhairle ghairmiúil dhlíthiúil.

C. Tionchair fhéideartha ar bhainistiú/riaradh na mbunscoileanna aonair/an chórais bhunscoile ina bhfuil 3200 scoil

Más rud é go bhfuil aon daoine nó grúpaí atá ag soláthar aighneachtaí páirteach i mbainistiú na mbunscoileanna agus i bhfeidhmiú an phróisis iontrála, bheadh sé ina chuidiú a gcuid tuairimí a fháil maidir le tionchair fhéideartha ar an limistéar sin, cibé acu maidir le saincheisteanna a aithníodh sa doiciméad seo nó le saincheisteanna a ritheann leo.

Mar shampla, i measc na saincheisteanna féideartha a d'fhéadfadh a theacht chun cinn sa réimse seo ná iad seo a leanas:

- Tionchair fhéideartha ar iompar scoile, rud atá ar fáil faoi láthair do dhaltáí a bhfuil cónaí orthu fad áirithe ar shiúl ón scoil is gaire, agus aird ar éiteas agus teanga. Mar shampla, arbh fhéidir cur chuige scoilcheantair le haghaidh iontrálacha a cheangal le cur chuige 'na scoile is cóngaraí' maidir le hiompar scoile
- Conas a d'fhéadfadh córas cuótaí a bheith i bhfeidhm i mbeartas iontrála scoile ar leith

D. Tionchair fhéideartha neamhbheartaithe ar spriocanna eile an bheartais oideachais

I measc na saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith breithnithe sa réimse seo ná iad seo a leanas:

- Cá mhéad atá do chur chuige roghnaithe oscailte d'ionramháil ag mionlach beag de scoileanna ar mian leo aidhmeanna an bheartais a shárú? Déantar cuid de na ceisteanna seo a phlé ag Rogha 1 agus Rogha 3
- Cá mhéad atá an riosca le do chur chuige roghnaithe go gcruthófar cúinse atá tagtha chun cinn i dtíortha eile a bhraitheann go mór ar scoilcheantair in iontrálacha scoile, ina ndéantar deighiltí socheacnamaíocha níos measa? Nuair a bhíonn gaireacht don scoil ina ghné is mó a chinneann iontrálacha scoile, d'fhéadfadh tiúchan méadaithe de mhíbhuntáiste i bpobal na scoile a bheith ann i scoileanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste, as a dtiocfadh torthaí diúltacha méadaithe féideartha. Sa chás seo, d'fhéadfadh méadú comhfhreagrach a bheith ina leibhéil bhuntáiste ag scoileanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste.
- An féidir go mbeadh iarmhairtí neamhbheartaithe ag do chur chuige roghnaithe ar bheartas iompair scoile agus an bhfuil aon mholtaí agat ar conas dul i ngleic leis sin?
- Cé nach bhfuil an próiseas seo dírithe ar dhéileáil le ceist na teanga/na nGaelscoileanna, an féidir go mbeadh tionchair neamhbheartaithe fhéideartha ag do chur chuige roghnaithe ar an tsaincheist sin?